



Imeachtaí Reatha agus Rásaí

Riachtanais an Phlean Bainistíochta Imeachta

Léigh le do thoil [Treoirlínte Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath d'Eagraithe Imeachta](#) sula gcomhlánaíonn tú an Plean Bainistíochta Imeachta

- Teastaíonn 10 seachtaine ar a laghad le próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar úsáid an fhearainn phoiblí le haghaidh imeachtaí reatha agus rásaí idir 5km agus 42.2km le bonneagar
- Is gnách go mbíonn imeachtaí reatha agus rásaí á reáchtáil le limistéir lucht féachana i gceist leis an imeacht sin
- Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha

Ba chóir dul i gcomhairle leis an reachtaíocht agus na treoracha seo a leanas sula n-ullmhaítear Dréachtphlean Imeachtaí:

- [An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000](#)
- [An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005](#)
- [Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair \(Feidhm Ghinearálta\) 2007](#)
- [Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair \(Foirgníocht\) 2013](#)
- [Creat le haghaidh Bainistíocht Móréigeandálaí](#)
- [Cód Cleachtais um Shábháilteacht ag Ceolchoirmeacha Popcheoil Faoin Aer agus imeachtaí ceoil eile faoin aer arna eisiúint ag an Roinn Oideachais, 1996.](#)
- [Na Rialacháin um Shábháilteacht ó Dhóiteán in Ionaid Tionóil \(Éalú go hÉasca\), 1985.](#)
- [Cód Cleachtais um Bainistiú ar Shábháilteacht ó Dhóiteán in Ionaid Tionóil arna eisiúint ag an Roinn Comhshaoil k\) Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981](#)
- [An tAcht Seirbhísí Dóiteáin \(Leasú\), 2003.](#)
- [Ceanglais agus Treoir FSS maidir le Slua-Imeachtaí Faoin Aer](#)
- [An tAcht Seirbhísí Dóiteáin 1981](#)
- [Rialacháin Foirgníochta 2006 Doiciméad Treorach Teicniúla B Sábháilteacht ó DhóiteánAn tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 2004](#)



- [I.R. Uimh. 302/2014 - Na Rialacháin um Shlándaíl Phríobháideach \(Ceadúnú agus Caighdeáin\) \(Slándaíl Imeachtaí\) 2014](#)
- Aon teoracha nó cóid chleachtas infheidhme eile a bhaineann leis an gcineál imeachta atá á mholadh agat.

Níor cheart ach do dhuine/chuideachta a mheastar a bheith inniúil faoi [Alt 2 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 an Plean Imeachta a ullmhú.](#)

Sonraí Pleanála Imeachtaí

Ní mór Plean Bainistíochta Imeachta mionsonraithe a chur isteach deich seachtaine ar a laghad roimh an imeacht atá beartaithe agus an fhaisnéis seo a leanas a bheith san áireamh ann:

Ní mór go n-áireofar i bPlean Bainistíochta Imeachta mionsonraithe na nithe seo a leanas:

- Ainm an iarratasóra
- Seoladh an iarratasóra
- Uimhir theileafóin/uimhreacha teileafóin
- Seoladh ríomhphoist
- Forléargas agus achoimre ghinearálta ar an imeacht;
- Imlíne bhealaigh
- Próifíl(i) rannpháirtí agus próifíl lucht féachana
- Líon lucht féachana a bhfuiltear ag súil leo
- Tréimhse oibríochtúil
- Dáta tosaigh (lena n-áirítear leagan amach)
- Dáta críochnaithe (lena n-áirítear dírigeáil)
- Foireann bainistíochta imeachta agus uimhreacha teagmhála
- Struchtúr Bainistíochta/Ceannais phearsanra an imeachta
- Róil/Freagrachtaí na foirne bainistíochta

Pleananna Sábháilteachta agus Oibríochta:

- Sonraí tonnta agus léarscáileanna den líne thosaithe
- Réamhaisnéis uainiúcháin maidir le tonnta
- Tionlacan scuabtha agus amanna scoite



- Léarscáileanna bealaigh, lena n-áirítear líníochtaí mionsonraithe den líne thosaithe agus den líne chríche
- Líne thosaithe agus líne chríche an phlean droichid iompair/bacainne/fálaithe
- Áireamh toillte bealaigh
- Sonraí ar stáisiúin Uisce/Hiodráitithe/Glóthaí nó bhia eile
- Plean cumarsáide lena n-áirítear plean cumarsáide tacaíochta
- Beartha sábháilteachta slua
- Ionaid amhairc, limistéir chúrsaíochta, socruithe suíocháin (más ann dóibh)
- Nósanna imeachta éigeandála
- Pleananna éigeandála, lena n-áirítear plean sábháilteachta dóiteáin
- Léarscáil de bhealaí aslonnaithe éigeandála, saoráidí otharchairr/leighis
- Marcanna slí, pleananna comharthaíochta
- Plean maoirseachta agus slándála lena n-áirítear plean oiliúna agus faisnéise
- Plean leighis
- Plean(anna) bainistíochta tráchta/coisithe
- Plean diúscartha Bruscair agus Dramháola
- Soláthar sláintíochta, lena n-áirítear soláthar inrochtana mapáilte
- Bhí gá le líníochtaí plean suímh agus sonraíochtaí na struchtúr
- Struchtúir agus Fearais, deimhniú innealtóra struchtúr
- Deimhniú an tsoláthraí le haghaidh bonneagair
- Córais shábháilte oibre agus ráitis Modhanna le haghaidh aon ghníomhaíochtaí tógála
- Socruithe rochtana do lucht freastail/rannpháirtithe faoi mhíchumas
- Plean bainistíochta gaoithe
- Plean drochaimsire
- Plean um chosaint leanaí (má bhaineann le hábhar)
- Pleananna teagmhasacha Móréigeandála/Mionéigeandála
- Liosta de na hearraí toirmisce ag an imeacht
- Measúnú riosca cuimsitheach



Plean léiriúcháin

- Sceideal léiriúcháin lena n-áirítear tógáil agus dírigeáil
- Pleananna agus léarscáileanna limistéir bhagáiste, amanna oscailte agus dúnta
- Eolas ar an taispeántas imeachtaí
- Breithnithe comhshaoil agus monatóireachta ar thorann
- Litir fógra do Chónaitheoirí/Ghnólachtaí, plean cumarsáide
- Plean Meáin/Brandála
- Faisnéis maidir le lamháltais agus trádálaithe bia
- Faisnéis a bhaineann le haon ghníomhachtú molta nó scannánú ó urraitheoirí

Doiciméid eile

- Aon fhaisnéis eile a bhaineann le reáchtáil shábháilte an imeachta bheartaithe
- Aguisíní mar is cuí le haghaidh phleanáil an imeachta
- Beartas maidir le bugaithe
- Beartas maidir le reathaithe cuidithe, rothaithe traenála
- Liosta de na doiciméid agus na beartais go léir a ndeachthas i gcomhairle leo agus a úsáideadh chun an dréachtphlean imeachta a ullmhú

Doiciméid le cur leis an Dréachtphlean Imeachta:

- Clúdach árachais dliteanais phoiblí ina bhfuil slánaíocht shonrach do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath suas go dtí suim €6.5m
- Cóip de dhliteanas fostóirí €13m
- Ráiteas Sábháilteachta

Turas Eagraí an Imeachta

Déan teagmháil linn chomh luath agus a thosaíonn tú ag pleanáil d'imeachta, ba cheart é sin a dhéanamh 12-14 seachtaine roimh dháta an imeachta.

Ar dhréachtphlean an imeachta a bheith curtha isteach agat (10 seachtaine roimh ré), scaipfear do phlean ar pháirtithe leasmhara na cathrach agus ar chomhlachtaí reachtúla lena athbhreithniú.



Beidh ar an bhFoireann Bainistíochta Imeachta agus ar an bhFoireann Sábháilteachta freastal ar chruinniú/chruinnithe de pháirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna molta roimh dháta beartaithe an imeachta.

Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, ba cheart duit do dhréachtphlean imeachta a nuashonrú ansin leis na leasuithe a theastaíonn ó pháirtithe leasmhara na cathrach agus an Plean Imeachta deiridh a chur isteach arís tráth nach déanaí ná 3 seachtaine roimh dháta an imeachta.

Scaipfear an plean imeachta Deiridh ar pháirtithe leasmhara na cathrach freisin. Tabhair faoi deara, le do thoil, má dhéanann na hEagraithe Imeachta athruithe suntasacha ar an dréachtphlean, go dtosófar an próiseas bainistíochta imeachta arís, i.e. cuirfead tús arís leis an bpróiseas comhairliúcháin 8 seachtaine. Ní mór na doiciméid go léir a chur isteach arís le haghaidh athbhreithnithe.

Má tá ceadúnais bhreise ag teastáil ó d'imeacht le haghaidh struchtúir shealadacha, trealamh aonaigh siamsaíochta nó bia a dhíol agus a sholáthar, beidh gá le hiniúchadh réamhimeachta ar an suíomh de ghnáth.

Tar éis an Imeachta, beidh ar an bhfoireann bainistíochta imeachta agus ar an bhfoireann sábháilteachta freastal ar chruinniú faisnéisithe laistigh de 2-5 seachtaine i ndiaidh d'imeachta.

Féadfar táillí a thabhtú ar sheirbhísí a thugtar lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, táillí suímh, dúnadh bóithre agus táillí spáis páirceála i measc nithe eile.

Féadfar brandáil/admháil ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a iarraidh ag an imeacht atá beartaithe.

Liosta Praghsanna

Táillí le haghaidh imeachtaí	Níl CBL 23 % san áireamh sna praghsanna ar fad
Táille shuímh/spáis le haghaidh imeacht tionchair bhig	€1500



Táille shuímh/spáis le haghaidh imeacht mórtionchair	€5000
Bonneagar breise a shuíomh chun críocha bolscaireachta/margaíochta.	Ráta €150 in aghaidh na huaire
Táille ar Chead Dramhaíola	€250.00
Rialú oibreacha bóthair, suíomh trealaimh/craenacha/túr/tacaí.	€100.00

D'fhéadfadh táillí eile a bheith i gceist nuair a dhéantar measúnú ar an iarratas

Téarmaí agus Coinníollacha Imeachtaí i gCathair Bhaile Átha Cliath

Féadfar Téarmaí agus Coinníollacha Breise a chur le d'imeacht a luaithe a gheofar sonraí iomlána an iarratais imeachta.

Coinníollacha Ginearálta

- Tuigim nach gciallaíonn iarratas a chur isteach go bhfuil cead faighte agam an t-imeacht a eagrú agus tuigim go bhféadfar a cheangal orm tuilleadh eolais a sholáthar sula ndéanfar an t-iarratas a phróiseáil.
- Dearbhaím go bhfuil mé os cionn 18 mbliana d'aois agus go bhfuil údarás iomlán faighte agam ó m'eagraíocht/chuideachta an t-iarratas seo a dhéanamh. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear cruinn. Glacaim leis na coinníollacha a éilítear leis an iarratas seo.
- Tuigim go bhféadfaí reáchtáil aon imeachta ar réadmhaoin, páirc nó spás oscailte de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur as an áireamh lena bhreithniú má sholáthraítear aon fhaisnéis mhíchruinn.
- Aontaím gach táille a íoc as an iarratas a phróiseáil, lena n-áirítear gach muirear agus gach táille chealaithe más infheidhme.
- Tuigim go molann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nach bhfógróidh eagraí an imeachta preasráiteas, faisnéis mhargaíochta, ná fógraíocht faoin imeacht gan cead roimh ré a fháil ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.



- Forchoimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó an Garda Síochána an ceart aon ghníomhaíocht /gach gníomhaíocht atá beartaithe i bpáirc/spás oscailte a chur ar fionraí nó deireadh a chur léi ar chúiseanna sábháilteachta poiblí, brú tráchta nó núise nó ar aon chúis eile. Ní bheidh aon éileamh ná dliteanas ar na comhlachtaí reachtúla i gcás dá leithéid.
Forchoimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart a cead a chur ar ceal nó a tharraingt siar ag aon am i bpáirceanna/spásanna oscailte.
- D'fhéadfadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a éileamh ar an iarrthóir imeacht a laghdú, a athlonnú nó a chur ar ceal ar dháta na háirithinte nó roimhe sin, i gcásanna éigeandála nó i gcás ceanglais rochtana dhlísteanacha eile, mura bhfuil socrú malartach sásúil ar fáil.
- Imeacht le bheith ar siúl ag na suíomhanna, na dátaí agus na hamanna atá luaite amháin.
- Réiteofar aon cheanglais bhreise de chuid na ngníomhaireachtaí reachtúla go díreach leo roimh an imeacht sin a réachtáil.
- Ní cheadófar brandáil táirgí alcóil, táirgí a bhaineann le tobac agus seirbhísí cearrbhachais
- Féadfaidh téarmaí agus coinníollacha eile atá sonrach don suíomh a bheith infheidhme má cheadaítear an t-imeacht.

An fhoclaíocht náisiúnta comhaontaithe

- Áiritheoidh an t-iarratasóir go gcomhlíonfaidh na miondíoltóirí a cheapfar chun oibriú ar an imeacht na Rialacháin um Bhailiúchán ar Leith (scéim éarlaise agus aisíoca) 2024. Go háirithe, ní mór do gach miondíoltóir táirgí faoi raon feidhme (coimeádáin dí a bhfuil toilleadh idir 0.15L agus 3L acu, a mhonaraítear i TPE, in alúmanam nó i gcruach)
- A bheith cláraithe le Re-Turn (an comhlacht ceadaithe faoi na Rialacháin),
- Ní mór deimhniú díolúine arna eisiúint ag Re-Turn chun coimeádáin fholmha laistigh den raon feidhme a thógáil ar ais a bheith acu agus é sin a thaispeáint,
- A chinntiú nach gcuirtear ar fáil le ceannach le linn an imeachta ach coimeádáin dí laistigh den raon feidhme ar a dtaispeántar lógó Re-Turn.
- Ní mór liosta miondíoltóirí a chur ar fáil don Údarás Áitiúil 4 seachtaine ar a laghad roimh an imeacht.

- Ba cheart don iarratasóir dul i dteagmháil le Re-Turn agus le grúpaí pobail áitiúla ([Tionscnaimh Tiomsaithe Airgid Pobail - Re-Turn](#)) nó le carthanais ([Return for Children - Re-Turn](#)) le bailiú coimeádán folamh laistigh den raon feidhme ón imeacht a eagrú.

Rialú Tógála

- Ní mór ceanglais na Rannóige um Rialú Tógála de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh go hiomlán.
- Ní mór deimhniú Innealtóir Struchtúr Neamhspleách Cairte an imeachta, maidir le tógáil struchtúr sealadach a chur isteach chuig buildingcontrol@dublincity.ie roimh thús an imeachta.

Bóithre agus Trácht

Aithnítear go gcaithfidh cuideachtaí léiriúcháin Imeachta gníomhú ar bhealach freagrach agus gairmiúil. Mar sin féin, caithfidh gach ball foirne den Imeachta a t(h)impeallacht a chur san áireamh agus ní féidir leo na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Bac a chur ar dhaoine eile a ngnó a dhéanamh.
- Suaitheadh nó guais sábháilteachta a chur faoi deara nó bac a chur ar shoghluaisteacht coisithe, earraí nó seirbhísí gan réamhchomhairliúchán leordhóthanach.
- Tá dualgas cúraim ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i leith cónaitheoirí agus gnólachtaí agus feidhmeoidh sí smacht má tá léiriúchán áirithe ag cruthú nús míréasúnta.
- Roghnú na suíomhanna Imeachtaí a bhféadfaidh tionchar a bheith acu ar ghnáthshruth tráchta agus níor cheart iad a dhéanamh ach amháin i gcomhairle leis an nGarda Síochána agus le Rannóg Bóithre agus Tráchta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Más gá leis ní mór iarratas a dhéanamh ar gach dúnadh bóthair agus é a chomhaontú roimh an Imeacht.
- Ní ceadmhach aon chur isteach ar thrácht feithiclí nó coisithe mura ndéantar iarratas sonracha air agus mura bhfuil Plean Bainistíochta Tráchta faighte agus

ceadaithe ag an nGarda Síochána agus/nó ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

- Ní mór iarratas a chur isteach ar cheadanna páirceála agus ar pháirceáil a chur ar fionraí más gá agus ceadanna a dheonú roimh thús an Imeachta.
- Ní mór iarratais maidir le feithicil a shuíomh agus trealamh más gá, a dhéanamh agus a dheonú roimh thús an Imeachta.

Pobal

- Ní mór an comhairliúchán ar fad le gnólachtaí/cónaitheoirí agus le háitribh eile a chur i gcrích roimh thosach an imeachta.
- Ba chóir go ndéanfaí soláthar dóthanach, nuair is indéanta, do lucht féachana agus do rannpháirtithe faoi mhíchumas
- Gan aon bhac ar rochtain nó ar bhealach amach chuig áitreabh miondíola nó áitreabh eile
- Níor cheart leibhéil torainn a mheas mar núis agus ba cheart aird a thabhairt ar aon áitreabh torann-íogair sa cheantar.
- Ní cheadaítear aon bhruscar a chruthú mar gheall ar an imeacht sin.
- Caithfidh eagraithe imeachta a chinntiú go bhfuil Beartas um Chosaint Leanaí agus Cód Iompair maidir le hoibriú le leanaí/daoine óga de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige á gcomhlíonadh acu.
- Tá sé mar fhreagracht ar eagraí an imeachta a chinntiú go bhfuil ceadúnas cuí ó IMRO faighte d'aon cheol cóipchirt a bheidh á sheinm.

Árachas

- Teastaíonn ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cóip de do chlúdach árachais dliteanais phoiblí mar aon le slánaíocht shonrach do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath suas go dtí suim €6.5m.
- Ba cheart go mbeadh dliteanas Fostóra agat freisin le haghaidh íosmhéid €13.0 milliún.
- Tabhair faoi deara, le do thoil, más cuideachta léiriúcháin Imeachta thú a thaistealaíonn ó thar lear, ní mór do pholasaí a leathnú chun dlínse “Poblacht na hÉireann” a chlúdach

- Tá an t-iarratasóir freagrach as gach éileamh a fhéadfaidh eascairt go díreach ón imeacht sin.

Sláinte agus Sábháilteacht

- Is é an t-iarratasóir atá freagrach as a chinntiú go gcaithfidh gach Teicneoir Míochaine Éigeandála, Paraimhíochaineoirí agus Ard-Pharaimhíochaineoirí a bheith cláraithe leis an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil chun cleachtadh go dleathach in Éirinn. Coinníonn an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil clár reachtúil de na cleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéil go léir a chomhlíonann na caighdeáin riachtanacha.
- Maidir leis an duine a chuireann an Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta agus an Plean um Measúnú Riosca dá (h)imeacht le chéile agus a chuireann i bhfeidhm iad, ní mór don iarratasóir a dheimhniú dóibh féin go bhfuil an duine sin inniúil chun é sin a dhéanamh. Is é an t-iarratasóir amháin atá freagrach go hiomlán as a chinntiú go ndéantar gach rud atá luaite sna pleananna a chur i gcrích mar atá sonraithe sna cáipéisí a cuireadh isteach chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar feadh ré an imeachta.
- Níl aon fhreagracht ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath as bainistiú na sábháilteachta ar feadh ré an Imeachta
- Ní mór go gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir gach Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta, an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013, na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ginearálta) 2007, an tAcht Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003. Na rialacháin go léir a dhéantar faoi, agus gach reachtaíocht, rialachán agus Cód Cleachtais ceadaithe eile, chun a chinntiú go reáchtáiltear an t-imeacht seo go sábháilte.
- Aontaím go gcloífidh an eagraíocht/chuideachta leis na ceanglais dhlíthiúla ar fad agus go gcloífidh sí le téarmaí an cheadaithe.

Fógra Príobháideachais

- Is chun an t-iarratas a phróiseáil, agus é sin amháin, a úsáidfear an fhaisnéis go léir atá á lorg. Ní bhailimid faisnéis phearsanta ar mhaithe le margaíocht



tráchtála nó ar mhaithe lena tabhairt d'eagraíochtaí príobháideacha.

D'fhéadfaí gur ghá ó am go ham do shonraí teagmhála a chur ar aghaidh chuig tríú páirtithe iontaofa mar chuid de phróiseáil d'iarratas, amhail ár bpáirtithe ar gníomhaireachtaí reachtúla iad, m.sh. an Garda Síochána, ach ní dhéanfar é sin mura n-aontaíonn na páirtithe sin an fhaisnéis sin a choinneáil faoi rún.

- Ní bheidh rochtain ach ag na fostaithe sin atá ag próiseáil d'iarratais ar aon fhaisnéis neamhphoiblí phearsanta a chuireann tú ar fáil.
- Is é ár bpolasaí faisnéis atá bailithe againn a choinneáil ar feadh tréimhse cúig bliana **agus fáil réidh leis an bhfaisnéis sin go slán ag deireadh na tréimhse sin.**
- Déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí ag dataprotection@dublincity.ie nó 01 222 3775.